C/2025/357

13.1.2025

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na díolúintí arna n-úsáid ag an bhFrainc faoi Airteagal 2(4) agus 2(6)de Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar

(C/2025/357)

Foilsiú na ndíolúintí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) agus 2(6) de Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar (Rialachán 'FuelEU Maritime') ([1]), tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal sin.

Thug an Fhrainc fógra don Choimisiún faoina cinneadh na díolúintí faoi Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2023/1805 a úsáid maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus na calafoirt a liostaítear thíos:

AINM AN RÉIGIÚIN IS FORMIMEALLAÍ	AINM AN CHALAFOIRT
Martinique	Fort-de-France, Le Marin, Le Robert, Saint-Pierre, Trinité
An Ghuáin	Dégrad des Cannes, Îles du Salut, Kourou, Le Larivot, Saint-Georges de l'Oyapock, Saint-Laurent du Maroni
La Réunion	Le Port
Mayotte	Longoni, Dzaoudzi
Saint-Martin	Calafort Trádála Galisbay, Stáisiún muirí Marigot
Guadalúip	Basseterre, Deshaies, Grand-Bourg de Marie-Galante, La Pointe Jarry, Marina de Rivière Sens, Pointe-à-Pitre, Saint-François

Thug an Fhrainc fógra don Choimisiún faoina cinneadh na díolúintí faoi Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) 2023/1805 a úsáid maidir leis na hoileáin agus na longa a liostaítear thíos:

BEALACH ATÁ DÍOLMHAITHE	AINM NA CUIDEACHTA AGUS NA LONG
Marseille – Ajaccio	Cuideachta: Corsica Linea – Grúpa La Méridionale Longa: A Galeotta; A Nepita; Jean Nicoli; Vizzavona; Piana; Kalliste; Girolata; Pelagos
Marseille – Bastia	Cuideachta: Corsica Linea Longa: Pascal Paoli; A Galeotta; A Nepita; Jean Nicoli; Paglia Orba; Vizzavona
Marseille – Porto-Vecchio	Cuideachta: La Méridionale Longa: Piana; Kalliste; Girolata; Pelagos
Marseille – Propriano	Cuideachta: Corsica Linea Longa: A Nepita; Paglia Orba
Marseille – L'Île-Rousse	Cuideachta: Corsica Linea Longa: Monte d'Oro; Paglia Orba

([1]) IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj.